



An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais Cóid Chleachtais



© 2014 An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Cóid Chleachtais



Is faoin Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch 1990 a thugann Rannán na Seirbhísí Comhairleacha sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais Cóid Chleachtais chun cinn. Leagann alt 42 d'Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch forálacha síos i leith ullmhú dréacht-Chóid Chleachtais ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais le cur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is ionstraimí iad na Cóid Chleachtais a dhreachtáitear agus a chuirtear i gcrích ag an Rialtas chun cleachtas a mholtar i gcomhthéacsanna áirithe a imlíniú. Cé nach mbíonn fórsa dlí leo, is féidir iad a thabhairt san áireamh agus imeachtaí á bplé os comhair na Cúirte Oibreachais, an Bhinse Achomharc Fostaíochta agus an Bhinse Chomhionannais maidir le ceisteanna ábhartha.

Go dtí seo, tá ocht gCóid Chleachtais tugtha chun cinn mar atá sonraithe thíos. Tá an téacs iomlán ina leith seo le fáil ar ríomhsheoladh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais ag www.lrc.ie (faoi “Ár bhFoilseacháin – Cóid an Deachleachtais”).

Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta le haghaidh Díospóidí, le haghaidh Nósanna Imeachta i Seirbhísí Riachtanacha san áireamh

Cuireann an Cód Cleachtais seo creatlach ar fáil chun díospóidí a shocrú go síochánta, díospóidí i seirbhísí riachtanacha san áireamh. Cuireann an Cód freisin, treoir ghinearálta ar fáil d'fhostóirí agus do cheardchumainn maidir leis na socruithe atá riachtanach chun íoschlúdach nó seirbhís a chinntiú nuair a bheadh iarmhairtí dochracha tromchúiseacha i ndán don phobal nó don tionscnamh a bhaineann agus a chuid fostaithe i gceist stadanna oibre de bharr díospóidí.

Cód Cleachtais Breisithe maidir le Comhréiteach Toilteanach Díospóidí

Is é príomhchuspóir an Chóid Bhreisithe ná creatlach feabhsaithe a chur ar fáil a dtabharfadh na páirtithe go léir lántacaíocht dó i leith próiseála díospóidí a tharlaíonn i gcásanna nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta suiteáilte agus sa chás go dteipeann ar chomhargáintíocht tarlú.

Cód Cleachtais maidir le Leatrom

Is é cuspóir an Chóid Chleachtais seo ná na cineálacha difriúla cleachtais a imlíniú ar mhaithe le fostóirí, fostaithe agus ceardchumainn a threorú a chomhdhéanadh leatrom de bharr bhallaíochta nó ghníomhaíochta fostaí ag oibriú ar son ceardchumainn nó bainisteoir ag feidhmiú mar cheannasaí, nó fostaithe eile.

Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Casaoide agus Smachtaithe

Tá treoirlínte ginearálta sa Chód Cleachtais seo faoi fheidhmiú nósanna imeachta casaoide agus smachtaithe agus cur chun cinn uaschleachtais i gcur i gcrích nósanna imeachta dá leithéid. Fad a imlíníonn an Cód prionsabail de nósanna imeachta cothrom d'fhostóirí agus d'fhostaithe go ginearálta, bíonn ábharthacht faoi leith aige i gcásanna ionadaíochta aonair.

Cód Cleachtais maidir le Dualgais agus Freagrachtaí Ionadaithe Fostaithe agus an Chosaint agus na hÁiseanna a chuirfidh a bhFostóirí a chur ar fáil dóibh

Is é príomhchuspóir an Chóid Chleachtais seo ná dualgais agus freagrachtaí ionadaithe na bhfostaithe (a nglaothar maor ceardchumann orthu go hiondúil i leabhair rialacha na gceardchumann agus i gcomhaontuithe idir fostóirí agus ceardchumann) a leagan amach mar threoir d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do cheardchumann. Ní mór an chosaint agus na háiseanna riachtanacha a bheith acu chun go gcomhlíonfaidís a ndualgais go héifeachtúil agus go cuiditheach.

Cód Cleachtais ag sonrú Nósanna Imeachta chun dul i ngleic le Bulaíocht san Ionad Oibre

Is é príomhchuspóir an Chóid Chleachtais seo ná nósanna imeachta éifeachtacha a leagan amach mar threoir d'fhostóirí, d'fhostaithe agus dá gcuid ionadaithe, chun déileáil le líomhaintí bulaíochta san ionad oibre. Leagtar amach dhá nós imeachta, foirmiúil agus neamhfoirmiúil, sa Chód seo.

Cód Cleachtais maidir le Tréimhsí Sosa Cúitimh

Dearadh an Cód seo chun cabhrú le fostóirí, le fostaithe agus lena n-ionadaithe i gcomhlíonadh an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 maidir le sos cúiteach. Tugtar treoir ann, go háirithe, mar gheall ar shocruithe a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun cloí leis na forálacha sosa cúitimh a bhfuil feidhm leo nuair nach féidir le fostaithe feidhm a bhaint as na tréimhsí scíthe a cheadaítear in ailt 11, 12 nó 13 den Acht de bharr díolúinte, comhaontuithe chomhchoiteann, éigeandála nó imthosca nach mbeifí ag súil leo.

Cód Cleachtais maidir le hObair Dhomhnaigh sa Trádáil Mhiondíola

Ceapadh an Cód seo chun cabhrú le fostóirí, le fostaithe agus lena n-ionadaithe i gcomhlíonadh na hAchta um Eagrú Ama Oibre 1997 maidir le hobair Dhomhnaigh sa trádáil miondíola. Tugtar treoir ann, go háirithe, mar gheall ar shocruithe a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun cloí le forálacha forlíontacha d'Alt 14 den Acht.

